# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 | Meán Fómhair 2020

A Chairde,

Míle fáilte ar ais chuig muintir na scoile ar fad tar éis saoire an tSamhraidh agus tréimhse dianghlasála na tíre. Tá muid sona sásta bheith ar ais ar scoil. Tá beagnach coicís curtha isteach againn anois agus tá muid ag dul i dtaithí ar ghnáthaimh nua an lae! Fáilte speisialta roimh ár Naíonáin Bheaga nua, Iarla, Liam, Melanie, Ollie agus Tadhg!
Táim ag súil go mbeidh bliain iontach againn ar fad agus go mbainfidh gach duine taitneamh as an obair agus an spraoi atá amach romhainn. Guím gach rath ar na gasúir, na múinteoirí agus muintir na scoile ar fad agus muid ag tosú ar scoil bhliain úr-nua. Tá cupla pointe eolais thíos le meabhrú agus muid ag tosú ar ais ar scoil.

**Eolas is déanaí maidir le COVID-19**

Tá sé tagtha chun solais le seachtain anuas go bhfuil gasúir le siomptóim srón silteach *agus / nó* scórnach tinn ag fáil tástáil dearfach le COVID-19, *ní gá* go mbeadh teocht ard / casacht i gceist. Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí a gcuid páistí a choinneál sa mbaile agus comhairle a fháil ón dochtúir clainne más rud é go bhfuil na siomptóim seo acu.

**Buíochas**

Ba mhaith liom, thar ceann an Bord Bainistíochta mo mhíle buíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí, pobal agus gasúir na scoile, atá tar éis obair na gcapall a chur isteach le mí anuas ag réiteach agus ag ullmhú don ath-oscailt mór, agus is iontach an ócáid a bhí ann! Ardaíonn ár scoil álainn ár gcroíthe chuile lá, agus tá atmaisféar sona le brath mórthimpeall na h-áite. Tá muid fíor, fíor bhuíoch as an gcúnamh ar fad a fhaigheann muid ó phobal na scoile.

**Gnáthaimh COVID-19**

Tá muid ag dul i dtaithí ar nósanna imeachta nua an lae, agus tá na gasúir ag déanamh sár iarracht cloí le na rialacha nua. Tá ard mholadh tuillte acu! Tá foireann na scoile ag obair go crua chuile lá beo chun an áit a choinneál glan, teolaí agus compordach, agus tá mé thar a bheith buíoch dóibh ar fad. Go raibh maith agaibh ar fad as glacadh agus cloí le Plean Freagartha COVID-19 na scoile. Tá sé le brath go bhfuil gach duine againn ag obair le chéile chun sláinte ár bpobal scoile a chur chun cinn. Ní neart go cur le chéile.

**Teagmháil i gcás tinnis/práinne**

Tá an scoil ag déanamh uasdhátú ar h-uimhreacha fóin/ seolta baile/ socruithe don uair a mbeadh do ghasúir tinn ar scoil. Ar mhiste libh an fhoirm atá istigh leis an nuachtlitir seo a chur ar aghaidh chugam i ríomhphost chomh luath agus is féidir. (scoilnaomhciaran@gmail.com)

**Ailléirge**

Más rud é go bhfuil ailléirge/éadulaingt (intolerance) ag do pháiste, le do thoil faigh billeog ó do dhochtúir a léiríonn go cruinn na céimeanna atá le leanacht ag foireann na scoile má bhíonn frithghníomhú ailléirgeach ag do pháiste ar scoil. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil eolas suas chun data ag foireann na scoile maidir le haon ailléirgí/éadulaingt, chomh maith le Epi-Pen/ frith-hiostaimín a chur ar fáil don scoil freisin.

## Obair Bhaile

Mar is eol dhaoibh, tá muid ag déanamh laghdú ar an méid leabhra/nithe pearsanta atá ag dul idir an scoil agus an baile, seachas an dialann obair bhaile. Beidh go leor cumarsáid ar líne, tá na múinteoirí ag socrú suas a gcuid córais i láthair na huaire. Cuirfear ar an eolas sibh chomh luath is atá plean curtha le chéile againn.

## Gaeilge ar scoil

Is Scoil sa Ghaeltacht í Scoil Naomh Ciarán, agus tá muid ag cur béim ar chomhrá i nGaeilge idir na gasúir, na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Is breá linn an Ghaeilge a chloisteáil sna seomraí ranga, sna pasáistí ar maidin agus tráthnóna, agus taobh amuigh ag am lóin agus am abhaile. Beidh duaiseanna againn ag deireadh chuile théarma do ghasúir atá ag déanamh iarracht le comhrá na Gaeilge. ☺

## Árachas Phearsanta do Ghasúir

Leis an litir seo tá foirm d'árachas phearsanta do ghasúir scoile. Is rogha duit/dhaoibh féin é seo. Is smaoineamh mhaith é, agus is fiú léamh thríd na buntáistí atá ag baint leis. Ar mhiste libh na foirmeacha agus an t-airgead a chur isteach ar scoil roimh An Luain 20ú Meán Fómhair le bhur dtoil, más maith libh árachas a fháil.

## Lón Sláintiúil

Tá polasaí bia sláintiúil sa scoil seo agus ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil libh ar fad as na lóin folláin a chuireann sibh ar fáil dá bhur bpáistí. Ní amháin go bhfuil sé go maith do dhaoine óga atá ag fás, ach tá sé go maith do scoláirí óga a chaitheann cuid mhór den lá sa scoil ag díriú ar cheachtanna.

## Idirlíon sa mbaile

Anois agus muid ag díriú ar fhoghlaim ar líne, tá sé fíor thábhachtach aire a thabhairt agus páistí ar an idirlíon sa bhaile. Moltar go mbeadh an ríomhaire glúine/taibléad in áit oscailte, áit a bheidh tuismitheoirí in-ann maoirsiú a dhéanamh ar an t-ábhar atá na gasúir ag féachaint ar. Mar shampla, an cistin nó an seomra suite, agus ní sa seomra codlata nó in aon sheomra nach bhfuil tuistí in-ann an scáileán a fheiceál.

Le gach deá-ghuí,

Eabha Ní Chualáin, Príomhoide

✂ ---------------------------------------------------------------------------------------------------

## Sonraí Teagmhála Tuismitheoirí / Caomhnóirí

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Pháiste/í: | | |
| Seoladh Baile:<br>Éirchód: | | |
| Seoladh Ríomhphoist: | | |
| Fón Baile: | Fón Póca Mhamaí: | Fón Póca Dhaidí: |
| Uimhreacha theagmhála Oibre: | | |
| Duine le teagmháil sa gcás nach bhfuil Mamaí nó Daidí ar fáil | Ainm: ____________________<br>Uimhir Fón Póca: ____________________<br>Uimhir Baile: ____________________ | |

Allianz

# Foirm Iarratais um Polasaí Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí Bunscoile, 2020/21

## Rogha B - Daltaí Sonraithe

Mar an t-árachóir scoileanna is mó in Éirinn, soláthraíonn Allianz Polasaí Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí chun cosaint agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí i do scoil.

Tá lascaine 20% ar fáil ar an ngnáthphréimh nuair a shocraítear an clúdach ar líne. Tá de rogha ag tuismitheoirí/caomhnóirí an lascaine 20% ar an bpréimh a choinneáil ach an phréimh thíosluaite a chur isteach chuig an scoil lúide an 20%. Más mian le tuismitheoirí/caomhnóirí an phréimh iomlán a chur isteach chuig an scoil, áfach, beidh an scoil in ann an lascaine 20% a choinneáil ar mhaithe leis an scoil. Mura bhfuil tú sásta leanúint ar aghaidh ar an mbonn sin, cuir an tsuim thíosluaite, lúide an 20%, isteach chuig an scoil in éineacht leis an bhfoirm iarratais atá iniata.

### Teistiméireacht

*"Molaim go láidir do gach dalta árachas tionóisce pearsanta 24 uair an chloig do dhaltaí a fháil ó Allianz. Is iontach an suaimhneas intinne a thugann sé do thuismitheoirí i gcás timpiste, go háirithe más rud é go dtógfaidh an chóir leighis tamall fada, m.sh. obair fiaclóireachta."*

Sinéad Murphy, Príomhoide, SN an Chloichir, Ciarraí.

## Achoimre ar an gClúdach

*Níl san achoimre seo ach treoir ar chlúdach agus eisiaimh an pholasaí, agus ní chuimsítear ann na sochair, téarmaí, coinníollacha, teorainneacha, eisceachtaí agus eisiaimh go léir a bhaineann leis an bPolasaí. Eisítear an polasaí don scoil agus tá na sonraí ar fad ann faoin gclúdach agus faoi gach téarma, coinníoll agus eisiamh is infheidhme. Is féidir cóip den pholasaí a fháil ón scoil.*

## Sceideal na Sochar

Beidh na sochair atá leagtha amach anseo thíos iníoctha tar éis gortú coirp a tharla de thaisme (i.e. Gortú Coirp mar thoradh ar mhodhanna foréigneacha, seachtracha, infheicthe a tharla de thaisme, agus ar na modhanna sin amháin) a n-eascróidh costais leighis nó fiaclóireachta, míchumas nó bás as.

Gortú coirp a tharla de thaisme, is cúis le:

| | |
|---|---|
| Costais leighis (fruiliú otharchairr san áireamh) nach bhféadfar a aisghabháil ó aon fhoinse eile | Suas le €50,000 |
| Costais Fiaclóireachta nach bhféadfar a aisghabháil ó aon fhoinse eile | Suas le €50,000 |
| Bás de Thaisme | €10,000 |
| Míchumas Iomlán Buan | €200,000 |
| Cailliteanas iomlán buan an radhairc i súil amháin nó cailliteanas iomlán buan úsáide géige amháin | €50,000 |
| Cailliteanas iomlán doleigheasta an radhairc sa dá shúil nó cailliteanas iomlán doleigheasta úsáid an dá ghéag | €100,000 |
| Cailliteanas iomlán doleigheasta na héisteachta i gcluas amháin | €40,000 |
| Cailliteanas iomlán doleigheasta na héisteachta sa dá chluas | €100,000 |
| Cailliteanas Iomlán Urlabhra | €40,000 |
| Coinneáil Istigh in Ospidéal - €20 iníoctha sa lá (90 lá ar a mhéad) | Suas le €1,800 |

## Am Feidhme (de réir na rogha a rinneadh)

- I rith aon ghníomhaíochtaí scoile atá ar siúl le heolas agus faoi údarás iomlán na Scoile, lena n-áirítear taisteal díreach chuig gníomhaíochtaí den sórt sin agus ar ais uathu;
  **NÓ**
- Clúdach 24 uair an chloig - Clúdach 24 uair an chloig i rith gníomhaíochtaí sóisialta, baile agus fóillíochta, mar aon le gníomhaíochtaí scoile.

## Teorainneacha Aoise

Íosteorainn aoise – 2 bhliain 6 mhí d'aois. Uasteorainn aoise – 22 bliain d'aois.

## Coinníoll maidir le Fógra faoi Éilimh

Is cóir fógra i scríbhinn faoi aon tionóiscí is dócha a bheidh ina gcúis le héileamh faoin bpolasaí seo a thabhairt don chuideachta a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 730 lá (2 bhliain) tar éis dháta an tarlaithe.

## Gníomhaíochtaí Eisiata agus Eisiaimh Ghinearálta

1) Fad is atá an dalta i mbun ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas (nó ag cleachtadh/ag traenáil dóibh):
   eitilt (seachas mar phaisinéir), rásaíocht chairr/cuadrothaíocht, paraisiútáil, faoileoireacht foluana, rásaíocht/léim capall/capaillíní (seachas i dtaca le gníomhaíochtaí scoile), ailleadóireacht nó sléibhteoireacht ina n-úsáidtear rópaí agus/nó treoraithe, uaimheadóireacht, haca oighir, bobshleamhnánú, raftú bánuisce.
2) Féinmharú nó iarracht féinmharaithe an dalta, dul i mbaol gan ghá d'aon turas (seachas in iarracht duine a thabhairt saor ón mbás) nó aon bhaint le gníomh coiriúil.
3) An dalta a bheith ar meisce nó druga ar bith a bheith tógtha aige nó aici (seachas druga ordaithe).
4) Fostaíocht an dalta (seachas cláir taithí oibre na scoile).
5) Dornálaíocht, ealaíona comhraic measctha agus/nó aon ealaín chomhraic a bhfuil i gceist léi comhrac le céile comhraic seachas sa chás go mbeidh baint acu le Gníomhaíochtaí Scoile.

## Eisiamh maidir le Riocht Sláinte

Ní bheidh an t-árachas infheidhme i leith aon éilimh a eascróidh as máchail fhisiceach, as éiglíocht ná as riocht sláinte a bhí ann cheana.

Tá feidhm ag gnáthchritéir inghlacthachta. Tá an fhaisnéis seo ceart amhail an 1 Lúnasa 2020.

## Sonraí teagmhála:


Líne Chabhrach Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí: 01- 6133966*
R-phost: education@allianz.ie An Fhoireann Éileamh: 01-6133559*.
R-phost: rpaclaims@allianz.ie
*Uaireanta Oscailte: Luan go hAoine, 9 r.n. go 5 i.n.


Tá foclaíocht an Pholasaí Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí agus foirmeacha éilimh le fáil ar www.allianz.ie/schools-insurance/pupil-personal-accident

Allianz

## Foirm iarratais ar ghrúp-pholasaí scoile

Nuair a thugann tú d'fhaisnéis dúinn, tá tú ag toiliú le húsáid d'fhaisnéise ar na bealaí atá sonraithe i Ráiteas Cosanta Sonraí Allianz, ina bhfuil foráil déanta dá próiseáil chun críocha riaracháin árachais agus láimhseáil éileamh. Téigh chuig https://www.allianz.ie/data_protection_policy/ leis na sonraí ar fad a fháil.

*Rogha B - daltaí sonraithe amháin*

- Gníomhaíochtaí scoile (lena n-áirítear taisteal díreach chuig gníomhaíochtaí den sórt sin agus ar ais uathu) ........ costas €6.00 in aghaidh an linbh ☐
- Clúdach 24 uair an chloig, 365 lá sa bhliain i gcomhair gníomhaíochtaí scoile, sóisialta, baile agus fóillíochta (lena n-áirítear saoirí scoile) ........ costas €9.00 in aghaidh an linbh ☐

Ainm (iomlán) an dalta ____________________

Rang/bliain scoile ____________________

Ainm na scoile ____________________

Uimhir fóin na scoile ____________________

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra ____________________ Dáta ___/___/___

***Ba chóir seiceanna a dhéanamh iníoctha leis an scoil***


Tá Allianz c.p.t. rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Féadfar glaonna a thaifeadadh. Tá feidhm ag téarmaí agus coinníollacha.
Tá an fhaisnéis seo ceart amhail an 01/08/20.

# Primary School Pupil Personal Accident Application Form 2020/21

## Option B - Specified Pupils

As Ireland's largest schools insurer, Allianz offers a Pupil Personal Accident policy designed to offer protection and support for the pupils of your school.

A 20% reduction off the standard premium is available when cover is arranged online. Parents/guardians have the option to retain the 20% premium saving by submitting the premium stated below less 20% to the school. Parents/guardians also have the option to submit the full premium to the school so the 20% saving can be contributed to school funds. If you are not happy to proceed on this basis please submit the amount shown less 20% to the school along with the attached application form.

### Testimonial

*"I strongly advise that all students avail of the Allianz 24 hour pupil personal accident insurance. It provides great peace of mind to parents if their child has an accident, especially if treatment has to continue for a long time eg dental work."*

Sinead Murphy, Principal, Clogher NS, Kerry. March 2020

## Summary of Cover

*This summary is only intended as a guide to policy cover and exclusions and does not reference all of the benefits, terms, conditions, limitations, exceptions and exclusions associated with the Policy. The policy is issued to the school and contains full details of cover and all applicable terms, conditions and exclusions. A copy of the policy is available from the school.*

## Schedule of Benefits

The benefits shown below are payable following accidental bodily injury (i.e. Bodily Injury caused solely by accidental violent external and visible means) resulting in medical or dental expenses, disablement or death.

Accidental bodily injury causing:

| | |
|---|---|
| Medical Expenses (including ambulance hire) not recoverable from any other source | Up to €50,000 |
| Dental Expenses not recoverable from any other source | Up to €50,000 |
| Death by Accident | €10,000 |
| Permanent Total Disablement | €200,000 |
| Permanent total loss of sight in one eye or use of one limb | €50,000 |
| Total and irrecoverable loss of sight in both eyes or use of both limbs | €100,000 |
| Total and irrecoverable loss of hearing in one ear | €40,000 |
| Total and irrecoverable loss of hearing in both ears | €100,000 |
| Loss of Speech | €40,000 |
| Hospital Confinement - €20 payable per day (maximum 90 days) | Up to €1,800 |

## Operative Time (in accordance with the option selected)

- School Activities - During any school activity taking place with the full knowledge and authority of the school and including direct travel to and from such activities;
**OR**
- 24 Hour Cover - 24 hour cover during social, domestic and leisure, as well as school activities.

## Age Limits

Lower age limit – 2 years 6 months. Upper age limit – 22 years.

## Claims Notification Condition

Written notice should be given to the company as soon as possible with regard to any accidents likely to give rise to a claim under this policy and in any event within 730 days (2 years) after the date of the occurrence.

## Excluded Activities and General Exclusions

1) Whilst the pupil is engaged in (or practising/training for): flying (except as a passenger), motor racing/quadbiking, parachuting, hang gliding, horse/pony racing/jumping (unless in connection with school activities), rock climbing or mountaineering using ropes and/or guides, pot-holing, ice-hockey, bobsleighs, white water rafting.
2) The pupil committing or attempting to commit suicide, wilful exposure to needless peril (except in an attempt to save human life) or any involvement in a criminal act.
3) The pupil being intoxicated or having taken any drug (other than prescribed).
4) The pupil's employment (other than school work experience programmes).
5) Boxing, mixed martial arts and/or any martial art involving combat with an opponent unless it is connected with School Activities.

## Health Condition Exclusion

The insurance shall not apply in respect of any claim arising out of a pre-existing physical defect, infirmity or medical condition.

Standard acceptance criteria apply. Information correct at 1st August 2020.

| Contact details: | |
|---|---|
| Pupil Personal Accident helpline: 01- 6133966*<br>Email: education@allianz.ie<br>Claims Team: 01-6133559*. Email: rpaclaims@allianz.ie<br>*Opening Hours: Monday to Friday from 9am to 5pm | Pupil Personal Accident policy wording and claim forms are available at www.allianz.ie/schools-insurance/pupil-personal-accident |

## Application form for school group policy

By providing your information, you consent to the use of your information as outlined in our Allianz data protection statement which includes processing for insurance administration and claims handling. For full details visit https://www.allianz.ie/data_protection_policy/.

*Option B - specified pupils only*

- School activities (including direct travel to and from such activities) ........ cost per child is €6.00 ☐
- 24 hour cover 365 days a year for school activities, social, domestic and leisure activities (including school holidays) ........ cost per child is €9.00 ☐

Name of pupil (in full) ____________________

School class/year ____________________

Name of school ____________________

School phone number ____________________

Signature of parent/guardian ____________________ Date __ / __ / ____

***Cheques should be made payable to the school***

Allianz p.l.c. is regulated by the Central Bank of Ireland. Calls may be recorded. Terms and conditions apply.
Information correct at 01/08/20.